Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022
(OR. fr)

7645/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0062(NLE)**

MAR 75
OMI 51
TELECOM 127

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6957/22 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Muirí Idirnáisiúnta le linn an 105ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta agus an 46ú seisiún den Choiste Éascaíochta i ndáil le rún a ghlacadh maidir le caighdeáin feidhmíochta i ndáil le gairis radaiteileafónacha VHF iniompartha dhá threo le haghaidh árthaí marthanais, rún lena ndéantar athbhreithniú ar rún MSC.149(77), agus i ndáil le leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le hÉascú Muirthrácht Idirnáisiúnta (FAL)<br>– Glacadh |

**RÉAMHRÁ**

1. An 7 Márta 2022, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú don 105ú seisiún den Choiste Muirí-Shábháilteachta (MSC 105) agus don 46ú seisiún de Choiste Éascaíochta (FAL 46) na hEagraíochta Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO).

3. Táthar ag súil go nglacfaidh MSC 105 leasuithe ar roinnt rún chun an Córas Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS) a nuachóiriú. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfidh siad feabhas ar na caighdeáin feidhmíochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

4. Meastar go nglacfaidh FAL 46 leasuithe ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún FAL. Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin ar an Iarscríbhinn toisc go dtabharfaidh siad an Iarscríbhinn níos gaire do cheanglais Rialachán (AE) 2019/1239 agus do na rialacha comhaontaithe gnó maidir leis an Rialachán sin a chur chun feidhme, eadhon tríd an tarchur leictreonach trí ionad ilfhreastail a dhéanamh éigeantach, athrá eilimintí sonraí a chosc, cosc a chur ar úsáid foirmeacha páipéir le haghaidh tarchur sonraí, agus an ceanglas maidir le síniú de láimh a tharscaoileadh.

**OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE**

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra sin ag na cruinnithe a bhí aici an 11, an 18 agus an 23 Márta 2022. Ag an gcruinniú deireanach sin, tháinig an mheitheal ar chomhaontú maidir leis an dréachtchinneadh.

6. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

**CONCLÚIDÍ**

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 7532/22 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.